

# Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc

## Garrán na Fuinseoige

## Ceatharlach

### CÓD IOMPRAÍOCHTA

Is iad aidhmeanna an Chóid Iompraíochta i nGaelscoil Eoghain Uí Thuairisc ná:

- Treoir a chur ar fáil do na daltaí, do na múinteoirí agus do na tuismitheoirí agus caomhnóirí maidir leis an ionchas iompair atá á lorg againn
- Straitéis a chur ar fáil le go bhfeidhmeoidh an scoil mar ionad slán, éifeachtach
- Féinmheas a chothú i measc na ndaltaí agus iompar deimhneach a chur chun cinn
- Féin-smacht agus dearcadh freagrach a chothú i measc na ndaltaí, rudaí a bheadh bunaithe ar mheas agus ar thuscint i leith chách
- Oideachas agus forás an uile pháiste a éascú
- Dearcadh comhbhách a chothú i measc na ndaltaí ina leith féin agus i leith na timpeallachta
- A chur ar chumas na foirne bheith ag múineadh gan aon chur isteach ar chúrsaí
- Comhar agus cur chuige comhoibríoch a chothú i measc phobal na scoile
- Cothromaíocht a bheith ann idir riachtanais oideachais an té a léiríonn iompraíocht dho-ghlactha agus riachtanais oideachais na ndaltaí eile atá ar scoil
- Tacaíocht dheimhneach a chur ar fáil, agus scileanna cuí a mhúineadh go gníomhach dóibhsan a léiríonn leochaileacht i dtaobh fadhbanna iompraíochta bheith acu

### CUR I BHFEIDHM

#### TÁ DEARBH-GHAOL AG AN IOMPAR LE CAIDREAMH AGUS LEIS AN BHFOGHLAIM

Tarlaíonn an dea-iompar de bharr foghlaim éifeachtach agus dea-chaidreamh, agus bíonn tionchar ag an iompar ar an mbealach ina bhfoghlaimíonn an mac léinn chomh maith.

Bíonn na heochairphrionsabail céanna le sonrú nach mó, i ngach aon eiseamláir iompair a rinneadh forbairt air.

- Bíonn brí le hiompar dhuine. Ní rud fánach atá ann. Fónann sé do ghnó áirithe, agus bíonn spriocanna roimhe, cé nach mbíonn sé éasca na spriocanna seo a aithint i gcónaí
- Is féidir iompar a fhoghlaim. Ciallaíonn sé seo gur féidir iompar a athrú
- Tarlaíonn iompar áirithe i gcomhthéacs áirithe, a bhíonn dírithe i dtreo dhaoine eile. Tá sé thíos agus go dtuigfí an comhthéacs le go dtuigfí an t-iompar
- Tá tábhacht ghéibheannach ag baint leis an fhreagra a thugann múinteoirí, daoine fásta eile, agus daltaí eile d'iompar an mhic léinn, rudaí a rachaidh i bhfeidhm ar na cinntí a dhéanfaidh paistí scoile maidir lena gcuid iompair féin
- Tá gaol láidir ann idir an mhúinteoireacht, an fhoghlaim éifeachtach agus an dea-iompar

- Is bealach éifeachtach é an t-aitheantas deimhneach maidir le córas dea-iompair a mhúineadh agus a spreagadh
- Bíonn tionchar ag fiúntas caidrimh ar an iompar

Bíonn páirt le glacadh ag gach ball de phobal na scoile maidir leis an gCód Iompraíochta a chur i bhfeidhm. Beidh an méid is lú agus is féidir de rialacha ar scoil, cuirfear béim ar an iompar deimhneach agus cuirfear na rialacha i bhfeidhm ar bhealach cothrom leanúnach i gcomhréir le haois na ndaltaí agus leis na difríochtaí indibhidiúla a bhaineann leo. Spreagfar an dea-iompar agus beidh córas luaíochta ag baint leis. Cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas go luath faoi dheacraíochtaí iompair bheith ann.

### **RANNPHÁIRTÍOCHT NA NDALTAÍ**

Bíonn páirt ghníomhach ag daltaí na scoile i ndréachtú rialacha scoile ar bhealach a bhíonn aois-oiriúnach. Déantar é seo go rialta, agus ag tosach na scoilbhliana ach go háirithe, nuair a bhíonn plé ranga leis an múinteoir maidir leis an ngá atá ann rialacha scoile bheith i bhfeidhm a chuirfidh le sábháilteacht agus forbairt sóisialta agus acadúil na ndaltaí ar fad. Tagann daoine ar chomhréiteach ann faoi luaíochtaí agus faoi smachtbhannaí.

### **RANNPHÁIRTÍOCHT NA FOIRNE**

Déanann an Príomhoide agus an fhoireann Cód Iompraíochta molta a dhréachtú de réir treoirlínte “An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais” maidir le cód iompraíochta do scoileanna a chur le chéile.

### **RANNPHÁIRTÍOCHT NA DTUISMITHEOIRÍ**

Nuair a bhíonn sé dréachtaithe ag an bPríomhoide agus an fhoireann le chéile, cuirtear an Cód Iompraíochta molta i láthair ionadaithe na dtuismitheoirí ionas gur féidir é a phlé agus déantar é a leasú ar bhealaí oiriúnacha.

### **AN BORD BAINISTÍOCHTA**

Cuirtear a Cód Iompraíochta i láthair an Bhoird Bainistíochta lena phlé agus le go bhféadfaí é a dhaingniú.

### **TREOIRLÍNTE GINEARÁLTA AR MHAITHE LE IOMPAR DEIMHNEACH**

1. Bímid ag súil leis go ndéanann gach dalta déileáil le daoine fásta agus le daltaí eile ar bhealaí a léiríonn meas agus cúrtéis i gcónaí. Ní ghlaicfar le hiompar a chuireann isteach ar na cearta atá ag daoine eile maidir le foghlaim agus le go mothóidís slán.
2. Bítear ag súil leis go léireoidh gach aon dalta meas ar réadmhaoin na scoile, agus go gcoimeádfar timpeallacht na scoile glan agus saor ó bhruscar.
3. Beifear ag súil leis go mbeidh daltaí bródúil as an gcuma a bhíonn orthu, agus go mbeidh gach aon leabhar agus ábhar riachtanach acu ag an am ceart, san áit cheart.
4. Caithfidh na mic léinn glacadh le treoracha ó aon mhúinteoir, a ndícheall a dhéanamh agus tascanna agus obair scríofa a chur i láthair chomh maith agus chomh néata agus is féidir leo.
5. Ba cheart go mbeadh gach aon dalta i láthair ar scoil gach lá, ach amháin sa chás go bhfuil fáth bailí ann le go mbeidís as láthair, agus sa chás sin caithfidh an tuismitheoir/caomhnóir an scoil a chur ar an eolas i litir, trí ghlaoch gutháin nó ó bhéal agus fáth an dalta bheith as láthair a lua.

## **BULAÍOCHT**

Is éard atá i mbulaíocht ná ionsaí córasach a dhéanfadh duine aonair nó grúpa in aghaidh daoine eile, bíodh gur theangmháil throdach fhisiciúil, ó bhéal, nó aigneolaíoch í. Is iad na bealaí is minice atá ann ina ndéantar ionsaí ar dhaoine ná trí theagmháil fhisiceach ionsaitheach a dhéanamh orthu, trí bhaisteachán, eisiamh, bagairt, fáisceadh nó scoiteacht a imirt orthu, nó trí achasáin a chaitheamh leo. Ní ghlacfar le bulafocht anseo ar chor ar bith agus beifear ag súil leis go dtabharfaidh na tuismitheoirí gach aon chomhoibriú i gcónaí maidir le haon eachtra bhulaíochta a láimhseáil ar bhealach a réitíonn le Beartas Frithbhulaíochta na Scoile.

## **AITHEANTAS A THABHAIRT D' IOMPAR DEIMHNEACH**

Is trí iompar deimhneach a atreisiú a spreagtar an fhéinairíonacht agus cuirimid béim níos láidre ar dhreasacht agus ar chóras luaíochta ná mar a chuirimid ar smachtbhannaí.

## **STRAITÉISÍ/DREASACHTAÍ**

- Focal ciúin ná comhartha le faomhadh a léiriú
- Nótá tagartha a chur ar dhialann an pháiste
- Córas na gCártaí
- Cuairt a thabhairt ar rangsheomra eile, nó chuig an bPríomhoide le páiste a mholadh
- Moladh os comhair an ghrúpa ranga
- Dámhachtain fhiúntais don rang féin, pointí nó stampaí a bhronnadh
- Freagracht faoi leith ná pribhléidí airithe a tharmligean
- Dearbháin a chiallódh oíche bheith saor ó obair bhaile
- Teagmháil scríofa ná labhartha le tuismitheoirí - Dalta an Lae/Dalta na Seachtaine
- An Tionól Scoile – iompar ar leith gur fiú a cheiliúradh

## **MÍ-IOMPAR A DHÍMHOLADH**

An fáth go mbíonn smachtbhannaí agus straitéis eile á gcur i bhfeidhm ná chun iompar deimhneach a spreagadh, agus chun mí-iompar a dhímholaí. Déanfar gach aon iarracht iompar an linbh a thuiscint, agus gach aon ghné den scéal a fhiosrú. Más oiriúnach an rud é, cuirfear clár iompair cuí ar fáil i gcomhar leis an mac léinn agus spreagfar an dalta agus tabharfar tacaíocht di nó dó an mí-iompar a leasú. Cuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm de réir tromchúiseacht an mhí-iompair, agus aois agus forás mothúchánach an dalta á chur san áireamh. Luaitear iad seo ina measc:

- Réasúnú a dhéanamh leis an dalta
- Ceartú ó bhéal chomh maith le moladh faoi conas iompar a fheabhsú
- Dalta a ghearradh amach ó dhaltaí eile an ranga, nó duine a chur go rang eile ar feadh tamall
- Dalta a ghearradh amach ó dhaltaí eile an chlóis *m. sh. siúl timpeall leis an múinteoir atá ar dhualgas*, nó dul chuig áit shúgartha eile
- Breis oibre a ordú
- Pribhléidí a chailliúint
- Nótá a scríobh i nDíalann Scoile an dalta
- Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí
- An scéal a chur faoi bhráid an Phríomhoide

- Rachaidh an Príomhoide i dteagmháil le tuismitheoirí
- Eisiamh (Fionraíocht nó Díbirt) ón scoil de réir mar atá i dtreoirlínte “An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais”

Ní bhainfear obair d'achar curaclaim de dhalta de ghnáth, ach amháin ar fháthanna a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht.

## **CÉIMEANNA OILGHNÍOMHARTHA**

Is ag an múinteoir, agus nó ag an bPríomhoide agus nó ag an mBord Bainistíochta a bheidh an focal deireanach maidir le céimeanna oilghníomhartha, an bhfuil siad mionchúiseach, mórchúiseach, nó tromchúiseach mar shampla. Bainfear úsáid as an gciall choiteann maidir le minicíocht/dáiríreacht na noilgħníomhartha faoi mar a léirítéar anseo:

## **SAMPLAÍ D'OILGHNÍOMHARTHA MIONCHÚISEACHA**

Ag cur isteach ar obair an ranga/bheith déanach ag teacht ar scoil/ bheith ag rith i bhfoirgneamh na scoile/bheith ag rith ar na staighrí/caint a dhéanamh sa líne ranga/suíochán a fhágáil gan chead /cartáin bia nó deoch nach bhfuil folamh a chur sa bhosca bruscair/bruscar a chaitheamh i dtimpeallacht na scoile/ gan éide scoile oiriúnach bheith ar dhuine /bheith drochbhéasach nó míchúirtéiseach/gan obair bhaile a chomhlónadh ar fháth nach bhfuil bailí/duine á chur fén nō ag cur daltaí eile ag an sos i gclós na scoile i mbaol d'aon ghnó.

## **AN GHAEILGE**

Sí an Ghaeilge teanga chumarsáide na Gaelscoile. Labhraítear í go foirmiúil, go neamhfhoirmiúil ar scoil nó le linn ócайдe scoile ar bith. Spreagtar na páistí chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a labhairt ón gcéad lá ar scoil agus éiltear orthu í a bheith á labhairt faoi Sheachtain na Gaeilge ‘sna Naónáin Shinsireacha ar a dhéanaí.

Má bhristear Riail na Gaeilge, cuirtear an córas seo i bhfeidhm:

1. Ar bhriseadh na rialach don chéad uair, cláraítear ainm an pháiste sa Leabhar Béarla, sínionn an páiste duillín a thugann le fios go raibh Béarla á labhairt acu agus sínionn an tuismitheoir/caomhnóir é freisin. Labhraíonn an múinteoir ranga leis an bpáiste faoin riail seo.
2. Ar bhriseadh na rialach don dara huair, cláraítear ainm an pháiste sa Leabhar Béarla arís, sínionn an páiste duillín a thugann le fios go raibh Béarla á labhairt don dara huair acu agus sínionn an tuismitheoir/caomhnóir é freisin. Labhraíonn an príomhoide leis an bpáiste faoin riail seo.
3. Ar bhriseadh na rialach don tríú huair, cláraítear ainm an pháiste sa Leabhar Béarla arís, sínionn an páiste duillín a thugann le fios go raibh Béarla á labhairt don tríú huair acu agus sínionn an tuismitheoir/caomhnóir é freisin. Labhraíonn an príomhoide le tuismitheoir/caomhnóir an pháiste faoin riail seo agus iarrann sí orthu tacaíocht a thabhairt don pháiste maidir leis an riail seo.

## **ÉIDE SCOILE**

Bítear ag súil leis go ngléasfaidh gach mac léinn go néata agus an éide scoile cheart iomlán a chaitheamh in oiriúint don lá. Is éard atá san éide scoile ná bríste/sciorta/pilirín donn, léine uachtair, carbhat donn, geansaí nó

cairdeagan donn *agus bróga dorcha*. Ba cheart go mbeadh fad oiriúnach faoin sciorta nó faoin philirín. Is féidir brístí gearra atá uachtar nó donn a chaitheamh in ionad bríste/sciorta/pilirín.

Is éard atá sa chulaith spóirt ná bun dubh gan phatrún, léine phóló bán, barr glas le stríoca dearga is buí *agus bróga reatha*. Má bhíonn aimsir the ann, is féidir brístí gearra atá dubh a chaitheamh in ionad na mbrístí fada.

Caithfidh bróga a bheith oiriúnach agus sábháilte, níl cead bróga sála arda nó bróga bonn-arda a chaitheamh, mar shampla.

Caithfear gruaig a bheith go glan néata, agus déanfar cigireacht rialta sa bhaile uirthi roimh mhíolta gach Luan scoile. Caithfidh an stíl gruaige bheith in oiriúint don scoil. Caithfidh dath nádúrtha a bheith ar an ngruaig.

Má tá cluasa pollta ar pháiste, tá cead péire chnaipí cluaise néata a chaitheamh *sa mhaothán cluaise*, de réir mar a leagtar amach i Rialacha Sláinte agus Sábháilteachta na scoile. *Má tá fáinne/í cluaise nó poill choirp bħreise ag páiste, ní mór an seodra sin a bheith bainte nó clúdaithe go hiomlán le bindealán ag teacht ar scoil dóibh.*

*Tá cosc iomlán ar smidiú de shaghas ar bith, smidiú coирp san áireamh. Ní cheadaítear ingne gel, shellac, bréige nó a leithéid.*

*Má bhriseann páiste ceann ar bith de na rialacha seo, iarrfar orthu é a cheartú ar an bpointe más féidir, nó don chéad lá scoile eile ar a dhéanaí.*

### **SAMPLAÍ D'OILGHNÍOMHARTHA MÓRCHÚISEACHA**

Bheith de shíor ag cur isteach ar obair an ranga/bréaga a insint/goid/maoin duine eile a mhilleadh/fón póca bheith i seilbh dhalta ar scoil/bulaíocht/aisfhreagairt drochbhéasach a thabhairt do mhúinteoir/bheith i dtimpeallacht na scoile taobh amuigh d'am scoile gan an cead oiriúnach bheith ag duine/timpeallacht na scoile a fhágail i rith an lae scoile gan cead oiriúnach/gan bheith ag obair de réir chumais/caint do-ghlachta a dhéanamh/nithe dainséaracha a thabhairt ar scoil/duine eile a ghortú d'aon ghnó, dúiltí mar iarrann ball fairne orthu a dhéanamh.

### **SAMPLAÍ D'OILGHNÍOMHARTHA TROMCHÚISEACHA**

Iompar a bheadh bagrach, ionsaitheach, foréigneach nó imeaglach do dhuine eile/dochar a dhéanamh d'aon ghnó d'aon mhír mhaoine/duine eile a ghortú d'aon ghnó/nithe mí-oriúnacha, nithe nó ábhair dhainséaracha nó nithe a d'fhéadfadh a bheith contúirteach bheith ina sheilbh nó ina seilbh ag duine.

Is liostaí nach bhfuil uileghabhálach iad na liostaí thusa.

### **FIONRAÍOCHT/DÍBIRT**

Sula gcuirfear smachtbhannaí tromchúiseacha ar nós fionraíocht nó díbirt i bhfeidhm, bainfear úsáid as na gnáthbhealaí cumarsáide a bhíonn ann idir an scoil agus na tuismitheoirí. Ag brath ar na cúinsí atá i gceist, déanfar teagmháil phearsanta le tuismitheoirí nó déanfar litir a scríobh chucu. Sa chás go mbíonn mí-iompar tromchúiseach i gceist, nó go mbíonn duine ag cur isteach de shíor ar obair ranga, is féidir leis an mBord Bainistíochta cead a thabhairt don Chathaoirleach nó don Phríomhoide mac léinn a chur ar fionraí láithreach ar

feadh tréimhse nach mairfeadh níos faide ná trí lá scoile, go dtí go mbeadh plé idir an scoil agus na tuismitheoirí. Glacann Bord Bainistíochta Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc an ceart chuige féin gach aon bheart réasúnta a chur i bhfeidhm a bheadh oiriúnach lena chinntiú go mbeadh dea-ord agus dea-iompar i bhfeidhm sa scoil agus chun a chinntiú go mbeidh an fhoireann scoile, na mic léinn agus aon chuaирteoir chun na scoile sábháilte i gcónaí.

I gcás fíorphráinne is féidir machnamh a dhéanamh ar dhalta a dhíbirt ón scoil de réir mar atá leagtha síos i Rialacha na Scoileanna Náisiúnta agus san Acht Oideachais (Leas) 2000. Cuirfidh an Bord an tOifigeach Leasa Oideachais áitiúil ar an eolas faoi i scríbhinn sula ndéanfar mac léinn a chur ar fionraí nó a dhíbirt ón scoil, de réir mar atá leagtha síos i dtreoirínté an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais.

## **FIONRAÍOCHT A CHUR I BHFEIDHM**

### **Fógra Scríofa**

Má ghlactar cinneadh dalta a chur ar fionraí ba cheart go gcuirfeadh an Príomhoide litir chuig an mac léinn agus chuig na tuismitheoirí. Déanfaidh an litir na nithe seo leanas a dheimhniú:

- Dáta tosaigh, dáta deiridh na fionraíochta agus an fad a leanfaidh sí
- An fáth le gur cuireadh an dalta ar fionraí
- Aon chlár fhoghlama a chaithfear a leanúint
- An socrú a bheidh ann maidir le teacht ar ais ar scoil, agus aon ghealltanás a chaithfidh an mac léinn nó na tuismitheoirí a thabhairt á chur san áireamh. Is féidir go gcuirfí ceist ar thuismitheoirí, mar shampla, athdheimhniú a dhéanamh faoin tiomantas atá acu don Chód Iompraíochta
- Go bhfuil ceart achomhairc ann, le treorú chuig an Ard-Rúnaí, An Roinn Oideachais agus Scileanna (*An tAcht Oideachais 1998, mír 29*)
- Go bhfuil ceart achomhairc ann faoi mhír 29 den Acht Oideachais 1998 maidir le fionraíocht nó díbirt ón scoil má tharlaíonn go dtagann an méid laethanta a chaith an mac léinn ar fionraí sa scoilbhliain reatha, chomh fada le fiche lá

## **SCOR FIONRAÍOCHTA (Aischur)**

I rith achair fionraíochta, nó ina dhiaidh sin, bheadh cead ag tuismitheoirí an cheist a ardú go bhféadfaí an dalta a aischtur ar scoil. Caithfidh na tuismitheoirí gealltanás sásúil a thabhairt go bhfeidhmeoidh an dalta atá ar fionraí de réir chóid iompraíochta na scoile, agus caithfidh an Príomhoide bheith sásta nach mbeidh aon bhaol ann in aischtur an dalta dá s(h)ábháilteach féin, do shábháilteachta na mac léinn eile, nó d'fhoireann na scoile. Cabhróidh an Príomhoide le plean iompair a ullmhú don dalta más gá, agus déanfaidh sí an dalta a ligean isteach ina rang féin arís go foirmiúil.

## **RIALACHA NA SCOILE**

Bíonn an méid is lú agus is féidir de rialacha ar scoil, agus cuirtear le chéile iad ar bhealach a chaomhnóidh sláinte, sábháilteachta agus leas an phobail scoile ina ionmláine.

Is gá go bhfeidhmeodh an scoil ar bhealach éifeachtach, agus chuige sin caithfear na rialacha agus na rialacháin bheith fógartha go soiléir, agus curtha i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach cothrom. Tá cur síos ar rialacha na scoile i nDialann na nDaltaí.

## **ROIMH/ INDIADH SCOILE**

Meabhráitear do thuismitheoirí nach nglacann an scoil freagracht ar bith uirthi féin maidir leis na mic léinn roimh am oifigiúil oscailte na scoile ag 08.50 nó i ndiaidh am oifigiúil dúsanta na scoile ag 13:30 (Naónáin) nó 14:30 (Ranganna Eile), ach amháin sa chás go mbíonn daltaí ag glacadh páirte in imeachtaí breise a eagraíonn an scoil agus atá faofa ag an mBord Bainistíochta. Bítear ag súil leis go ngníomhóidh na daltaí atá ag glacadh páirte sna himeachtaí seo de réir an chóid iompraíochta i gcónaí.

## **FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD BAINISTÍOCHTA**

- Timpeallacht shlán chompordach a chur ar fáil
- Tacaíocht a thabhairt don Phríomhoide is don fhoireann maidir le cur i bhfeidhm an chóid iompraíochta
- An Cód Iompraíochta a dhaingniú

## **FREAGRACHTAÍ AN PHRÍOMHOIDE**

- Tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann iomlán agus do na mic léinn maidir le cur i bhfeidhm an Chóid Iompraíochta
- Atmaisféar deimhneach a chothú sa scoil
- Féachaint chuige go gcuirtear an Cód Iompraíochta i bhfeidhm ar bhealach cothrom, comhsheasmhach
- Féachaint chuige go ndéantar athbhreithniú ar an gcód de réir mar is cuí
- Comhairle a lorg ó shiceolaí N.E.P.S. na scoile nó moladh do thuismitheoirí comhairle a lorg ón mBord Sláinte trína d(h)ochtúir féin más oiriúnach

## **FREAGRACHTAÍ NA FOIRNE TEAGAISC**

- Tacú leis an gCód Iompraíochta agus é a chur i bhfeidhm
- Timpeallacht oibre slán a chruthú don uile mac léinn
- Obair fhiúntach a aithint agus a mholadh
- Obair scoile a ullmhú agus obair na ndaltaí a cheartú
- Buanna agus difríochtaí indibhidiúla a aithint i measc na ndaltaí agus freastal cuí a dhéanamh orthu
- Bheith cúirtéiseach, comhsheasmhach agus cothrom
- Gearradh siar/fósmhéid ar dheiseanna don mhí-iompar bheith ann
- Déileáil le mí-iompar ar bhealach oiriúnach
- Cuntas a choimeád maidir le heachtraí a bhaineann le hoilgħníomhartha tromchúiseacha nó le heachtraí leanúnacha mí-iompair
- Tacaíocht do chomhghleacaithe a chur ar fáil
- Monatóireacht a dhéanamh ar phástrúin a bhainfeadh le mí-iompar
- Plean iompair a chur le chéile do dhalta, más gá
- Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí agus tuairiscí ábhartha a chur ar fáil maidir le cúnamh frithpháirteach bheith á thabhairt dá chéile ag an fhoireann agus ag na tuismitheoirí

## **FREAGRACHTAÍ NA NDALTAÍ**

- Teacht ar scoil go rialta agus bheith in am
- Aire a thabhairt do na múinteoirí agus beart a dhéanamh de réir a mbriathar
- Meas a léiriú don uile dhuine de phobal na scoile
- Meas bheith acu ar mhaoin na scoile agus ar mhaoin gach dalta eile
- Iompar a sheachaint a chuirfeadh aon duine eile atá ar scoil in aon bhaol
- Baisteachán, drochtheanga, agus ráitis dhíspeagúil a sheachaint
- Bheith cuimsitheach maidir le páirt a thabhairt do dhaltaí eile i gcluichí nó in imeachtaí eile
- An t-ábhar ceart agus na leabhair chearta a bheith ar scoil ag duine
- Comhoibriu le foireann agus pobal uile na scoile
- Pairt a ghlacadh in obair ranga agus obair bhaile agus a ndicheall a dheanamh
- Pairt a ghlacadh i bhFoghlaim on mBaile
- Rialacha na scoile agus rialacha an ranga a leanúint
- Comhoibriu ionlan maidir le treoireacha scoile ar Covid-19

### **FREAGRACHTAÍ NA DTUISMITHEOIRÍ/CAOMHNÓIRÍ**

- Na daltaí a spreagadh le go mbeadh meas acu orthu féin agus ar mhaoin dhaoine eile
- Féachaint chuige go dtagann na daltaí ar scoil go rialta, agus iad bheith in am
- Suim a léiriú in obair na ndaltaí idir obair scoile agus obair bhaile, tacú leo agus iad a spreagadh chun pairt a ghlacadh san obair uile agus a ndicheall a dheanamh.
- Na daltaí a spreagadh chun comhoibriu ionlan a dheanamh maidir le treoireacha scoile ar Covid-19.
- Feachaint chuige go nglacann a bpaisti pairt i bhFoghlaim on mBaile
- Cur amach a bheith acu ar an gCód Iompraíochta agus tacú lena chur i bhfeidhm
- Comhoibriú le múinteoirí sa chás go mbíonn iompar an dalta ag cur isteach ar aon bhealach ar dhaoine eile
- Bíonn an fhreagracht ar na tuismitheoirí féachaint chuige go mbíonn na daltaí saor ó mhíolta gruaige agus déileáil láithreach le fadhb ar bith a luann údaráis na scoile leo
- An scoil a chur ar an eolas maidir le fadhb ar bith a chuirfeadh isteach ar dhea-iompar nó ar dhul chun cinn na ndaltaí
- Comhairle a lorg ón mBord Sláinte agus ó ghrúpaí seachtaracha eile trína d(h)ochtúir féin más oríúnach agus aon mholtáí a roinnt leis an scoil

Rinneadh an Cód Iompraíochta seo a chur le chéile i gcomhar leis an mBord Bainistíochta, le foireann na scoile, le tuismitheoirí agus le mic léinn Ghaelscoil Eoghain Uí Thuairisc, agus déantar athbhreithniú go rialta air. Cuireann an fhoireann teagaisc chuige le cinntiú go dtacaíonn gach aon pholasaí agus gach aon chleachtas le spriocanna an Chóid Iompraíochta a chur i bhfeidhm.

**Athbhreithnithe agus Daingnithe ag an mBord Bainistíochta ar an 17/08/2020.**

**Sínithe:** \_\_\_\_\_

**Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta  
Dáta Athbhreithnithe: Fómhar 2021**